

PARLAIMINT NA hEORPA

Treoir d'iarrthóirí i gcomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin eagraithe ag Parlaimint na hEorpa

Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn an téarma 'fógra' do 'fógra comórtais' i gcomhthéacs comórtais agus do 'fógra earcaíochta' i gcomhthéacs nós imeachta roghnúcháin.

1. RÉAMHRÁ

Cad atá i gceist le comórtas/nós imeachta roghnúcháin?

Sraith céimeanna atá i gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin ina dtéann na hiarrthóirí in iomaíocht lena chéile. Bíonn an comórtas ar oscailt do gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann, ar an dáta deiridh atá socraithe chun iarratais a chur isteach, na coinníollacha incháilitheachta, agus tugann sé deis chothrom do na hiarrthóirí go léir a n-inniúlachtaí a léiriú agus tugann sé an deis roghnú a dhéanamh bunaithe ar thuillteanas, agus prionsabal na córa combhionainne á urramú.

Déantar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin a chur ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha as a roghnaíonn Parlaimint na hEorpa daoine do na poist a luaitear san fhógra comórtais de réir mar is gá agus nuair is gá.

Déantar bord roghnúcháin ⁽¹⁾ a cheapadh i gcás gach comórtais/nós imeachta roghnúcháin. Ainmníonn a fhoireann riaracháin agus an Coiste Foirne comhaltaí an bhoird roghnúcháin. Is ar mhodh rúin a dhéantar obair an bhoird roghnúcháin agus cuirtear an obair sin i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ⁽²⁾.

Déanann an bord roghnúcháin na coinníollacha incháilitheachta don chomórtas, arna leagan síos san fhógra, a chur i bhfeidhm go docht le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le gach iarrthóir i dtaobh glacadh nó gan glacadh lena n-iarratas. Má glacadh le hiarrthóir i gcomórtas

¹ Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn an téarma "bord roghnúcháin" d'aon chineál coiste roghnúcháin agus do gach cineál giúiré. I gcomhthéacs comórtais, is giúiré é. I gcomhthéacs nós imeachta roghnúcháin, is bord roghnúcháin é.

² Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

nó i nós imeachta roghnúcháin roimhe seo, ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad incháilithe go huathoibríoch don nós imeachta seo.

Chun go ndéanfar na hiarrthóirí is fearr a roghnú, déanfaidh an bord roghnúcháin comparáid idir feidhmíocht na n-iarrthóirí chun breithniú a dhéanamh ar a gcumas na cúraimí a bhfuil tuairisc orthu san fhógra a chomhall. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil ar an mbord an leibhéal eolais a mheas ach ní foláir dó freisin na daoine is fearr atá cáilithe don phost a shainaithe, bunaithe ar thuillteanas na n-iarrthóirí.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtógann sé idir 6 agus 12 mhí de ghnáth comórtas/nós imeachta roghnúcháin a thabhairt chun críche, ag brath ar an líon iarrthóirí.

2. CÉIMEANNA COMÓRTAIS/NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Seo a leanas na céimeanna a bhíonn i gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin:

- glacadh le comhaid iarratais,
- scrúdú ar choinníollacha incháilitheachta,
- measúnú ar cháilíochtaí (bunaithe ar an bhfógra);
- trialacha,
- liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

2.1 Glacadh le comhaid iarratais

Caithfear clárú ar ardán ar líne Apply4EP agus ar an ardán sin amháin, agus na céimeanna uile a leanúint go dílis go dtí an chéim dheiridh ina ndéantar bailíochtú go leictreonach ar d'iarratas (féach pointe 3 den treoir seo). Maidir leis na doiciméid tacaíochta ábhartha go léir atá ag teastáil chun a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha atá luaite san fhógra, beidh ort iad sin a chur i gceangal agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Cuireann na doiciméid sin ar chumas an bhoird roghnúcháin cruinneas na faisnéise a sheiceáil. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabhair do d'aire go ligeann ardán Apply4EP duit doiciméid a uaslódáil (uasmhéid 5 MB in aghaidh an doiciméid, i bhformáid DOC, DOCX, GIF, JPG, TXT, PDF, PNG agus RTF) lena dtugtar cruthúnas den taithí ghairmiúil, de chéimeanna/dhioplómaí agus, i gcás inarb ábhartha, den eolas ar theangacha atá luaite sa chomhad iarratais.

2.2 Scrúdú ar choinníollacha incháilitheachta,

Cuirfidh an tÚdarás Ceapacháin liosta le chéile d'iarrthóirí a chuir isteach a gcomhad iarratais ar an modh ceart agus faoin dáta deiridh i gcomhair iarratais, agus ansin cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig an mbord roghnúcháin in éineacht leis na hiarratais.

Scrúdóidh an bord roghnúcháin na comhaid iarratais agus tarraingeoidh sé suas liosta iarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta atá leagtha amach san fhógra. Bunóidh sé a chinntí

go huile agus go hiomlán ar an bhfaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais agus **a dtugann na doiciméid tacaíochta bonn cirt di.**

Ní foláir mionsonraí iomlána maidir le cúrsaí léinn, le hoiliúint, le taithí ghairmiúil agus le heolas ar theangacha a bheith tugtha san fhoirm iarratais, eadhon:

- i gcás cúrsaí léinn: dátaí tosaigh agus deiridh, chomh maith le cineál an diplóma/na ndiplómaí agus na n-ábhar a ndearnadh staidéar orthu;
- i gcás na taithí gairmiúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist: an dáta tosaigh agus an dáta deiridh do gach tréimhse iomchuí agus **tuairisc bheacht ar chineál na gcúraimí a bhí le comhall.**

Má tá staidéir, ailt, tuarascálacha nó téacsanna eile foilsithe agat a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu san fhógra, ní mór duit é sin a lua ar an bhfoirm iarratais.

Ní ghlacfar le hiarrthóirí nach gcomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha amach san fhógra ag an gcéim seo.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas trí ríomhphost faoi chinneadh an bhoird roghnúcháin cé acu cuireadh chun na trialacha a thabhairt don iarrthóir nó gan cuireadh a thabhairt dóibh.

2.3 Measúnú ar cháilíochtaí

Má luaitear sin san fhógra, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí ar éirigh leo chun na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha dóibh a roghnú. Bunóidh an coiste a chinntí **go huile agus go hiomlán** ar an bhfaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais **agus a dtugann na doiciméid tacaíochta ábhartha atá i gceangal leis an iarratas bonn cirt di,** agus is fearr é má bhíonn na doiciméid tacaíochta sin i bhformáid PDF. Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinntí bunaithe ar na critéir a leag sé síos roimh ré, agus na cáilíochtaí atá leagtha amach san fhógra á gcur san áireamh.

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas trí ríomhphost faoi chinneadh an bhoird roghnúcháin cé acu cuireadh chun na trialacha a thabhairt don iarrthóir nó gan cuireadh a thabhairt dóibh.

2.4 Trialacha

Má chomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta agus má dhéantar tú a rangú i measc na n-iarrthóirí is fearr sa mheasúnú ar cháilíochtaí (más ann dóibh), tabharfar cuireadh duit na trialacha a dhéanamh. Tá na trialacha go léir éigeantach agus tá feidhm dhíbeartha ag roinnt leo. Tá an líon uasta d'iarrthóirí a nglacfar leo i gcomhair na dtrialacha leagtha síos san fhógra. Tá tuairisc ar na trialacha agus ar an gcóras marcála ar fáil san fhógra.

Sonraíochtaí teicniúla — Trialacha ar líne (tástáil MCQ agus triail scríofa)

Maidir le scrúduithe a eagraítear ar líne, úsáideann Parlaimint na hEorpa soláthraí seirbhísí.

Beidh ríomhaire (deisce nó glúine) ag teastáil uait le:

- córas oibriúcháin Microsoft Windows 7 nó leaganacha níos déanaí nó Apple OS X 10.11 “Yosemite” nó leaganacha níos déanaí i gcás MAC,;
- acmhainneacht 1 GB de spás saor ar an diosca crua,
- ceamara éadain ceangailte nó ceamara éadain ar cuid de do ríomhaire é,
- nasc idirlín,
- 4 GB RAM.

Cuirfear ar an eolas thú roimh na trialacha maidir le haon athruithe ar na híoscheanglais theicniúla a thioctfaidh as nuashonrú ar na bogearraí.

Ní oibreoidh na córais oibriúcháin XP, Vista ná cinn níos sine, Windows 10 S, Windows ARM (RT), MacOS níos sine ná 10.11, IOS (Ipad, Iphone), Android, Chromebook, Meaisín fíorúil, Linux (Debian, Ubuntu, ...) agus OS 32-ghiotán.

Ina theannta sin, ní mór duit cearta riarthóra a bheith agat don ríomhaire deisce nó glúine chun bac a chur ar rochtain ar fheidhmchláir (doiciméid, bogearraí eile, suíomhanna gréasáin, etc.) cé is moite d’fheidhmchlár an tsoláthraí seirbhísí, agus an triail ar siúl.

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil do ríomhaire ar an dáta agus am ceart agus go bhfuil taifeach do scáileáin ceart.

Ní mór duit an feidhmchlár a íoslódáil, a shuiteáil, a sheiceáil agus a thástáil a luaithe agus is féidir (seachtain amháin roimh an triail ar a laghad). Chun go mbeidh tú in ann an feidhmchlár a thástáil tar éis a shuiteála, iarrfar ort tástáil theicniúil réamhriachtanais a dhéanamh nuair a gheobhaidh tú rochtain air. **Caithfear an tástáil sin ar réamhriachtanais theicniúla a dhéanamh agus ní mór í a dhéanamh ar an ríomhaire a úsáidfear ar lá na trialach.** Ní chuirfear an tástáil ar réamhriachtanais theicniúla san áireamh sa tástáil. Cuirfidh sé ar do chumas cur amach a fháil ar an bhfeidhmchlár agus ar conas é a úsáid.

Ní mór gach bogearra frithvíreas ar an ríomhaire deisce nó glúine a bheith díghníomhachtaithe le linn na trialach.

Má bhíonn fadhb theicniúil agat ag céim ar bith den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin, cuir an tAonad um Roghnú Tallainne ar an eolas trí do chuntas Apply4EP, agus sonraigh go soiléir uimhir agus teideal an chomórtais/an nós imeachta agus an fhadhb a bhí ann, chun go mbeimid in ann an tsaincheist a fhiosrú agus beartha ceartaitheacha a dhéanamh más gá.

Lá na trialach: Le linn na trialach, déan gach beart is gá chun nach mbeidh ort do ríomhaire a fhágáil. Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi a ndéanfar an triail agus faoina bhfuil le déanamh le linn na trialach le fáil san eolas a sheolfar chugat in éineacht leis an litir chuiridh chun na trialach.

Má tharlaíonn fadhb le linn na trialach, déan teagmháil láithreach leis an soláthraí seirbhísí ar an teileafón ag +33 1 76 41 14 88 ionas gur féidir an fhadhb a réiteach agus leanúint ar aghaidh le do thriail.

Más rud é nach ndéantar na trialacha go léir, ní mharcálfar iad.

Ní féidir an triail scríofa (nó an tástáil MCQ) ar líne a dhéanamh ach amháin ar an dáta agus am a bheidh sonraithe sa chuireadh chun na dtrialacha. Mura bhfuil tú in ann triail a dhéanamh, ní bheidh deis eile agat í a dhéanamh.

Fiú má tá na trialacha ar siúl ar an lá céanna, ar chúiseanna eagrúcháin, marcálfar na trialacha sin san ord ina luaitear iad san fhógra. Mura mbaineann iarrthóir amach an marc íosta atá

riachtanach i gceann de na tástálacha/na trialacha, ní mharcaífaidh an bord roghnúcháin an triail ina dhiaidh sin.

2.5 *Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha*

Poibleofar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha ar a mbeidh ainmneacha na n-iarrthóirí a roghnaíodh.

Is ionann ainm iarrthóra a bheith ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus go bhféadfaidh ceann de sheirbhísí na hinstiúide cuireadh chun agallaimh a thabhairt don duine sin, ach ní hionann é sin agus ceart ná ráthaíocht go ndéanfaidh an instiúid an t-iarrthóir sin a earcú.

3. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH?

3.1 *Forálacha ginearálta*

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ní mór duit a sheiceáil go cúramach go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta go léir, trí aird a thabhairt ar an bhfógra agus ar an treo seo agus trí ghlacadh leis na téarmaí.

Cuireann Parlaimint na hEorpa ardán ar líne, Apply4EP, ar fáil ar féidir cur isteach ar a comórtais/nósanna imeachta roghnúcháin air. Is féidir rochtain a fháil ar an ardán ag an seoladh seo a leanas: <https://apply4ep.gestmax.eu>. Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb “Déan iarratas ar líne” atá le fáil ag deireadh an fhógra a dteastaíonn uait iarratas a dhéanamh ina leith agus lean na treoracha.

Ní féidir leat ach **aon chuntas uathúil amháin** a chruthú. Is féidir leat, áfach, na sonraí pearsanta atá cláraithe agat a mhodhnú chun an fhaisnéis a bhaineann leat a thabhairt cothrom le dáta.

Nóta tábhachtach: Níl córas cúltaca ag Apply4EP go fóill. Dá bhrí sin, má fhágann tú an leathanach gan d'fhoirm iarratais a bheith tugtha chun críche agat, caillfidh tú an fhaisnéis ar fad atá curtha suas agat agus beidh ort gach rud a dhéanamh arís. Bíodh na doiciméid tacaíochta go léir atá le cur i gceangal le do chomhad iarratais ullmhaithe agat roimh ré.

Beidh ort an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne agus gach doiciméad tacaíochta a éilítear a chur i gceangal leis an iarratas, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid tacaíochta sin i bhformáid PDF. Beidh ort a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá leagtha amach san fhógra, rud a chuirfidh ar chumas an bhoird roghnúcháin cruinneas na sonraí a sheiceáil. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Ní bheidh sé indéanta a thuilleadh iarratas a dhéanamh i ndiaidh an dáta agus am deiridh don chomórtas a leagtar síos san fhógra. Moltar go láidir gan fanacht go dtí an lá deireanach sula gcuirtear iarratas isteach. Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a chur faoi dhliteanas i gcás fadhbanna teicniúla ag an nóiméad deireanach a d'fhéadfadh tarlú de dheasca ró-uailú ar an gcóras.

Maidir le doiciméid eile a dhéanfar a uaslódáil, gan beann ar a bhfuil iontu, seachas na doiciméid a cheanglófar agus an t-iarratas ar líne á dhéanamh, ní chuirfear san áireamh iad.

Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne le hiarratais a chur isteach trí lámhsheachadadh.

Má tá tú faoi mhíchumas nó i gcúinsí ar leith a d'fhágfadh go bhféadfadh deacrachtaí a bheith agat le linn na dtrialacha (e.g. a bheith torrach nó leanbh agat atá fós á chothú ar an gcíoch, nó mar gheall go bhfuil fadhbanna sláinte agat nó go bhfuil tú faoi chóir dochtúra, etc.), ní foláir duit an méid sin a thabhairt le fios san fhoirm iarratais agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar ionas go mbeidh an fhoireann riaracháin in ann, más féidir, bearta a ghlacadh a mhéid a mheastar a bheith réasúnach. Más amhlaidh an cás, ba cheart duit aon socrúithe speisialta a mheasann tú a bheith riachtanach chun do rannpháirtíocht sna trialacha a éascú a lua san fhoirm iarratais. Tabhair do d'aire, chun go gcuirfear d'éileamh ar shocrúithe speisialta san áireamh, go n-iarrtar ort deimhniú ó d'údarás náisiúnta nó teastas leighis a sheoladh le d'iarratas. Déanfar na doiciméid tacaíochta a scrúdú ionas go bhféadfar socrúithe réasúnacha a dhéanamh chun freastal ar do riachtanais.

3.2 *Cén chaoi ar cheart comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach?*

1. Déan iarratas ar líne trí dhul chuig an nasc san fhógra agus comhlánaigh na céimeanna uile go cruinn cúramach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit cuntas AMHÁIN a bheith agat ar ardán Apply4EP, ar féidir leat é a chruthú trí chliceáil ar “Déan iarratas ar líne”.
2. **Déan na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur i gceangal leis an iarratas,** agus is fearr iad a bheith tiontaithe go dtí formáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil. Ceadáítear doiciméid a uaslódáil chuig ardán APPLY4EP ar uasmhéid de **5 MB** in aghaidh an doiciméid.
3. Déan d'iarratas a bhailíochtú trí na treoracha san fheidhmchlár a leanúint, agus bíodh sé sin déanta agat faoin dáta deiridh atá leagtha síos san fhógra. Déan deimhin de go mbeidh an comhad iarratais comhlánaithe go cuí agat agus go mbeidh na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad ag gabháil leis sula gcuirfidh tú isteach é. A luaithe a bheidh sé bailíochtaithe, ní bheidh tú in ann aon athruithe a dhéanamh ar an gcomhad iarratais ná ní bheidh tú in ann aon doiciméad eile a chur leis.

3.3 *Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas?*

3.3.1 **Forálacha ginearálta**

Ní gá gur cóipeanna deimhnithe a bheadh sna doiciméid a uaslódálfadh tú le d'iarratas ar líne, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF.

Ní doiciméid tacaíochta bhailí iad tagairtí do shuíomhanna gréasáin ná do na cuntais shóisialta.

Ní mheasfar gur deimhniúcháin iad asphriontaí de leathanaigh as suíomhanna gréasáin, ach féadfar iad a chur i gceangal mar fhaisnéis bhreise agus chun na críche sin amháin.

Ní mheastar gurb ionann curriculum vitae agus doiciméad tacaíochta le haghaidh taithí ghairmiúil, céim/céimeanna nó dioplómaí nó, i gcás inarb ábhartha, eolas ar theangacha.

Agus tú ag tiomsú do chomhaid iarratais, ní fhéadfaidh tú tagairt a dhéanamh do dhoiciméid, do chomhaid iarratais ná do dhoiciméid eile a uaslódáladh mar chuid d'iarratas a rinneadh roimhe seo.

3.3.2 Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha ginearálta á gcomhlíonadh

Ní iarrtar doiciméad ar bith ag an bpointe seo chun a chruthú:

- go bhfuil tú i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,
- go bhfuil do lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agat;
- go bhfuil do dhualgais comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí;
- go bhfuil na teistiméireachtaí carachtair agat is iomchuí chun na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh;
- go bhfuil an t-eolas ar theangacha agat atá luaite sa chomhad iarratais, seachas sna cásanna sonracha a luaitear go sainráite san fhógra.

Ní mór duit tic a chur sa bhosca ‘Dearbhú ar onóir’. Leis sin, dearbhaíonn tú ar d'onóir go bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh agat agus go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agat fíor agus iomlán. Iarrfar ort na doiciméid sin a chur ar fáil nuair a dhéanfar tú a earcú.

3.3.3 Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na coinníollacha ginearálta á gcomhlíonadh

Tá ort an fhaisnéis go léir agus na doiciméid uile a sholáthar don bhord roghnúcháin a chuirfidh ar chumas an bhoird sin beachtas na faisnéise atá tugtha sa chomhad iarratais a dheimhniú.

- **Dioplómaí/céimeanna agus/nó teastais lena ndeimhnítear gur bhain na hiarrthóirí cáilíocht amach i gcúrsa léinn**

Ní foláir duit cóip de na dioplómaí nó teastais oideachais meánscoile, dioplómaí/céimeanna ollscoile nó teastais atá agat lena ndeimhnítear gur bhain tú cáilíocht amach i gcúrsa léinn ar an leibhéal a éilítear san fhógra a chur ar fáil le d'iarratas ar líne agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabharfaidh an bord roghnúcháin aird, i ndáil leis sin, ar chórais dhifriúla oideachais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II den treo seo). Má fuair tú dioplóma/céim i dtríú tír, ní mór go mbeadh dearbhú coibhéise ag gabháil leis/léi, ar dearbhú é arna sholáthar ag údarás inniúil i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.

Maidir le dioplómaí/céimeanna tríú leibhéal, ní foláir an fhaisnéis is mionsonraithe agus is féidir a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus an tréimhse a mhair na cúrsaí, ionas go mbeidh ar chumas an bhoird roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá na dioplómaí/céimeanna sin.

Maidir le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, cúrsaí breisoideachais nó speisialtóireachta, ní foláir duit a chur in iúl an cúrsaí lánaimseartha, cúrsaí páirtaimseartha nó ranganna oíche a bhí i gceist leo, agus na hábhair a rinneadh, mar aon le fad oifigiúil na gcúrsaí. Iarrtar ort an fhaisnéis sin ar fad a uaslódáil in aon doiciméad amháin agus is fearr é má bhíonn sé i bhformáid PDF.

- **Taithí ghairmiúil**

Más rud é go n-éilítear taithí ghairmiúil san fhógra folúntais, ní chuirfear san áireamh ach amháin an taithí ghairmiúil atá faighte ag an iarrthóir **i ndiaidh dó nó di an chéim/diplóma nó an cháilíocht léinn is gá a bhaint amach**. Ní foláir cruthúnas a bheith sna doiciméid tacaíochta **de thréimhse agus leibhéal** na taithí gairmiúla agus ní mór an **cinéal cúraimí a cuireadh i gcrích a thabhairt chomh mionsonraithe agus is féidir** ionas go mbeidh ar chumas an choiste roghnúcháin a mheas cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá an taithí ghairmiúil sin. Má tá níos mó ná doiciméad amháin agat don taithí ghairmiúil chéanna, beidh ort iad sin a uaslódáil mar aon doiciméad amháin.

Ní foláir go mbeadh doiciméad tacaíochta ann le aghaidh gach tréimhse d’obair ghairmiúil lena mbaineann, mar shampla:

- deimhniúcháin ó iarfhostóirí agus ón bhfostóir reatha lena ndeimhnítear an taithí ghairmiúil a éilítear chun cur isteach ar an gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin;
- más rud é, ar chúiseanna rúndachta, nach féidir leis na hiarrthóirí na deimhniúcháin sin a chur i gceangal leis an iarratas, tá sé ríthábhachtach, ina n-ionad sin, go ndéantar fótachóip den chonradh oibre nó den litir earcaíochta agus den chéad duillín pá agus den duillín pá deiridh agus go ndéantar leagan leictreonach den fhótachóip sin a chur i gceangal leis an iarratas;
- i gcás nach thar ceann fostóra a rinneadh an obair ghairmiúil (duine féinfhostaithe, duine a ghabhann le saorghairmeacha etc.), glacfar mar chruthúnas le sonraisc ina dtugtar mionsonraí faoi na seirbhísí a soláthraíodh nó le haon doiciméad tacaíochta oifigiúil eile atá ábhartha.

- **Eolas ar theangacha**

I gcás phróifíl na dteangeolaithe, agus má éilítear é san fhógra, beidh ort cruthúnas a chur ar fáil maidir leis an tríú teanga agus an ceathrú teanga, atá ar cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus leibhéal an eolais ar an teanga á shonrú agat.

- **Foirm Dhearbhúcháin**

Más gá duit dearbhú a líonadh isteach san fhógra, ní mór é a íoslódáil, agus é comhlánaithe go cuí, sa réimse ‘Dearbhú’ a chuirtear ar fáil chun na críche sin agus an fhoirm iarratais ar líne á cur isteach, i gcomhréir leis an bhfógra. Tabhair do d’aire go bhfágann easpa dearbhaithe den sórt sin, nó dearbhú neamhiomlán a bheith curtha isteach, nach bhfuil an t-iarratas inghlactha.

4. DÍCHÁILIÚ

Tá an baol ann go ndícháileofar thú ag céim ar bith de chomórtas/nós imeachta roghnúcháin más rud é:

- gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas amháin,
- go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó dearbhuithe gan doiciméid tacaíochta iomchuí a bheith ann dóibh,
- nár fhreastail tú ar cheann amháin nó níos mó de na trialacha,
- go ndearna tú séitéireacht le linn na dtrialacha,
- go ndearna tú iarracht dul i dteagmháil le comhalta den bhord comórtais ar bhealach neamh-údaraithe,
- go ndearna do shíniú nó marc suaithinseach a chur ar na trialacha scríofa nó praiticiúla a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo,
- nár chloígh tú leis na treoracha a tugadh maidir leis na trialacha ar líne.

Ní mór do gach iarrthóir i gcomórtas ardleibhéal iontaofachta a léiriú. Déanfar pionóis a fhorchur i dtaca le haon chalaos nó iarracht ar chalaos.

5. CUMARSÁID

I bhfianaise na freagrachta atá ort, ní foláir duit gach cúram a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil an clárú ar líne comhlánaithe go cuí, go bhfuil gach doiciméad tacaíochta a éilítear curtha i gceangal leis an iarratas agus go bhfuil an t-iarratas bailíochtaithe in Apply4EP roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh faoi mar a leagtar síos san fhógra.

Tabharfar deimhniú ar gach iarratas a dhéantar trí Apply4EP trí theachtaireacht ríomhphoist ina luafar go bhfuil an clárú déanta. Seiceáil d'fhillteán turscair, le do thoil.

Ní bhreithneofar ach na hiarratais a chuirtear isteach ar Apply4EP. Dá réir sin, is saothar in aisce é iarratas a chur isteach tríd an bpost, bíodh an litir sin cláraithe nó ná bíodh. Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne le hiarratais a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.

Is ar an Aonad um Roghnú Tallainne atá an cúram déileáil le gach comhfhreagras leis na hiarrthóirí go dtí go mbeidh an comórtas/an nós imeachta roghnúcháin críochnaithe.

Déanfar an comhfhreagras go léir ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin, lena n-áirítear cuireadh chun na dtrialacha agus cur in iúl na dtorthaí, a sheoladh le ríomhphost chuig na hiarrthóirí ag an seoladh a thugtar sa chomhad iarratais ar líne ar Apply4EP. Is faoi na hiarrthóirí atá sé seiceáil rialta a dhéanamh ar a ríomhphoist agus a sonraí pearsanta ar a gcuntas Apply4EP a choimeád cothrom le dáta.

Iarrtar ar na hiarrthóirí gan gaoch a chur ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus a gceisteanna a sheoladh trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost deimhniúcháin a seoladh nuair a chuireann siad iarratas isteach ar líne.

Iarrthóirí nach bhfuil cuntas Apply4EP acu go fóill nó a bhfuil fadhbanna teicniúla acu, iarrtar orthu scríobh chuig: PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

Chun a áirithiú go mbeidh an bord roghnúcháin neamhspleách, tá toirmeasc ar na hiarrthóirí i gcúinse ar bith aon teagmháil a dhéanamh leis, go díreach nó go hindíreach, agus má dhéanann siad é sin d'fhéadfaí iad a dhícháiliú.

6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

6.1 *Comhionannas deiseanna*

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál idirdhealaithe a sheachaint le linn an nós imeachta roghnúcháin.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amháil inscne, cine, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

6.2 *Iarrataí ó iarrthóirí ar fhaisnéis a bhaineann leo a rochtain*

I gcomhthéacs comórtas agus nósanna imeachta roghnúcháin, tá ceart sonrach ag na hiarrthóirí faisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach a rochtain, faoi réir na gcoinníollacha a dtugtar tuairisc anseo thíos orthu. De bhua an chirt sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar d'iarrthóirí arna iarraidh sin dóibh:

- a) má dhéantar foráil maidir le triail QCM ar ríomhaire san fhógr, féadfaidh iarrthóirí nár éirigh leo sa tástáil MCQ tábla ina bhfuil a gcuid freagraí chomh maith le tábla ina bhfuil na freagraí cearta a fháil. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.
- b) má dhéantar foráil san fhógra maidir le céim measúnaithe ar cháilíochtaí, beidh na hiarrthóirí nár glacadh leo chun na dtrialacha in ann cóip a fháil dá mbileog measúnaithe ar a gcáilíochtaí. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.
- c) má dhéantar foráil maidir le trialacha scríofa san fhógra, na hiarrthóirí nár ghnóthaigh pas sna trialacha scríofa nó nach bhfuair cuireadh chuig na trialacha labhartha, féadfaidh siad cóip gan mharcáil de na trialacha scríofa sin agus cóip de na bileoga measúnaithe aonair a fháil. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.
- d) i gcás iarrthóirí ar tugadh cuireadh chun na dtrialacha cainte dóibh agus nár cuireadh a n-ainm ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, ní chuirfear na marcanna a fuair siad sna trialacha éagsúla in iúl dóibh go dtí go mbeidh an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha tarraingthe suas ag an mbord roghnúcháin. Arna iarraidh sin dóibh, féadfaidh siad cóip gan mharcáil a fháil dá dtriail scríofa nó dá dtrialacha scríofa agus, i gcás gach ceann de na trialacha, i scríbhinn nó ó bhéal, féadfaidh siad cóip de na bileoga measúnaithe aonair a fháil. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh laistigh de 1 mhí amháin ón dáta a seoladh teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra d'iarrthóirí faoin gcinneadh gan iad a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha tríd an gcuntas Apply4EP;

- e) i gcás iarrthóirí a bheidh ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, cuirfear in iúl dóibh gur iarrthóirí iad ar éirigh leo sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin. Mar sin féin, féadfaidh na hiarrthóirí sin iarraidh ar rochtain a chur isteach i gcomhréir le pointí a), b), c) agus d) thuas.

Ní mór próiseáil iarrataí den sórt sin a réiteach le rúndacht obair an bhoird roghnúcháin amhail dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn III, Airteagal 6), lena gcuirtear bac ar thuairimí an bhoird roghnúcháin a nochtadh ná ar aon fhaisnéis a bhaineann le meastóireachtaí ar iarrthóirí aonair nó le meastóireachtaí ina gcuirtear iarrthóirí i gcomparáid lena chéile a nochtadh. Déantar iarrataí den sórt sin a phróiseáil freisin i gcomhréir leis na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Féachfaidh an Pharlaimint, le freagairt d'iarrataí ar rochtain laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.

6.3 *Cosaint sonraí pearsanta*

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as eagrú nósanna imeachta roghnúcháin, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ⁽³⁾, go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

6.4 *Speansais taistil agus chothaithe i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa*

Déanfar ranníocaíocht i dtreo speansais taistil agus chothaithe na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha dóibh i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa. Déanfar mionsonraí faoin gcomórtas agus na rátaí is infheidhme a thabhairt sa teachtaireacht lena dtugtar cuireadh don iarrthóir chun na dtrialacha.

Glacfar leis gurb é an seoladh a thabharfaidh an t-iarrthóir san fhoirm iarratais an áit óna bhfágfaidh an t-iarrthóir le dul chuig an áit ina n-iarrfar air nó uirthi na trialacha a dhéanamh. I ndáil leis sin, ní fhéadfar aird a thabhairt ar athrú ar an seoladh a chuirfidh an t-iarrthóir in iúl tar éis do Pharlaimint na hEorpa cuirí chun na dtrialacha a sheoladh, ach amháin sa chás go measann an Pharlaimint go bhfuil *force majeure* i gceist nó gur cás é atá go hiomlán eisceachtúil.

7. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC - GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Tá faisnéis maidir le hiarrataí ar athbhreithniú, achomhairc agus gearáin chuig an Ombudsman Eorpach in Iarscríbhinn III den treoir seo.

³ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IARSCRÍBHINN I

Treoir tháscach de cháilíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh lenar féidir cur isteach ar chomórtais don Fheidhmghrúpa AD ¹ (arna meas ar bhonn cás ar chás)

TÍR	Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad	Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad
Belgique – België – Belgien	Licence/Licentiaat / Diplôme d'études approfondies (DEA) / Diplôme d'études spécialisées (DES) / Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS) / Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS) / Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS) / Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS) Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS)/ Aggregaat Ingénieur industriel/Industrieel ingenieur / Master — 60/120 ECTS / Master complémentaire — 60 ECTS ou plus Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS) — 30 ECTS Doctorat/Doctoraal Diploma	Bachelor académique (dit «de transition») - 180 ECTS Academisch gerichte Bachelor - 180 ECTS
България	Диплома за висше образование Бакалавър — 240 ECTS / Магистър — 300 ECTS / Доктор Магистър след Бакалавър — 60 ECTS / Магистър след Професионален бакалавър по ... — 120 ECTS	
Česká republika	Diplom o ukončení vysokoškolského studia / Magistr / Doktor	Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář)
Danmark	Kandidatgrad/Candidatus / Master/Magistergrad (Mag.Art) / Licenciatgrad / Ph.d.-grad	Bachelorgrad (B.A or B. Sc) / Professionsbachelorgrad / Diplomingeniør
Deutschland	Master (alle Hochschulen) / Diplom (Univ.) / Magister / Staatsexamen / Doktorgrad	Bachelor / Fachhochschulabschluss (FH) Staatsexamen (Regelstudienzeit 3 Jahre)
Eesti	Rakenduskõrghariduse diplom Bakalaureusekraad (160 ainepunkti) / Magistrikraad / Arstikraad / Hambaarstikraad / Loomaarstikraad / Filosoofiadoktor / Doktorikraad (120–160 ainepunkti)	Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti) / Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti)
Éire/Ireland	Céim Onórach Bhaitisiléara (4 bliana/240 ECTS) <i>Honours Bachelor Degree</i> (4 years/ 240 ECTS) / Céim Ollscoile <i>University Degree</i> / Céim Mháistir (60-120 ECTS) <i>Master's Degree</i> (60-120 ECTS) / Céim Dochtúra <i>Doctorate</i>	Céim Onórach Bhaitisiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng) <i>Honours Bachelor Degree</i> (3 years/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng)
Ελλάδα	Πτυχίο (ΑΕΙ πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ υποχρεωτικής τετραετούς φοίτησης) 4 χρόνια (1ος κύκλος) Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης (2ος κύκλος) Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος)	
España	Licenciado / Ingeniero / Arquitecto / Graduado / Máster Universitario / Doctor	Diplomado / Ingeniero técnico Arquitecto técnico/Maestro

(¹) Déantar daoine a fhostú ar ghráid 7 go 16 de ghrúpa feidhme AD faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de bhliain amháin ar a laghad acu.

France	Maîtrise / MST (maîtrise des sciences et techniques) / MSG (maîtrise des sciences de gestion) DEST (diplôme d'études supérieures techniques) / DRT (diplôme de recherche technologique) DESS (diplôme d'études supérieures spécialisées) / DEA (diplôme d'études approfondies) Master 1 / Master 2 professionnel / Master 2 recherche Diplôme des grandes écoles / Diplôme d'ingénieur / Doctorat	Licence
Italia	Diploma di Laurea (DL) — da 4 a 6 anni / Laurea specialistica (LS) / Laurea magistrale (LM) / Master universitario di primo livello / Master universitario di secondo livello / Diploma di Specializzazione (DS) / Dottorato di ricerca (DR)	Diploma universitario (3 anni) / Diploma di Scuola diretta a fini speciali (3 anni) / Laurea — L180 crediti
Κύπρος	Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor Master / Doctorat	
Latvija	Bakalaura diploms (160 kredīti) / Profesionālā bakalaura diploms / Maģistra diploms / Profesionālā maģistra diploms / Doktora grāds	Bakalaura diploms (min. 120 kredīti)
Lietuva	Aukštojo mokslo diplomas / Bakalauro diplomas / Magistro diplomas / Daktaro diplomas / Meno licenciatu diplomas	Profesinio bakalauro diplomas Aukštojo mokslo diplomas
Luxembourg	Master / Diplôme d'ingénieur industriel / DESS en droit européen	Bachelor / Diplôme d'ingénieur technicien
Magyarország	Egyetemi oklevél / Alapfokozat – 240 kredit / Mesterfokozat / Doktori fokozat	Főiskolai oklevél / Alapfokozat – 180 kredit vagy annál több
Malta	Bachelor's degree / Master of Arts / Doctorate	Bachelor's degree
Nederland	HBO Bachelor degree HBO/WO Master's degree Doctoraal examen /Doctoraat	Bachelor (WO)
Österreich	Master Magister/Magistra Magister/Magistra (FH) Diplom-Ingenieur/in Diplom-Ingenieur/in (FH) Doktor/in PhD	Bachelor Bakkalaureus/Bakkalaurea Bakkalaureus/Bakkalaurea (FH)
Polska	Magister / Magister inżynier Dyplom doktora	Licencjat / Inżynier
Portugal	Licenciado / Mestre / Doutor	Bacharel / Licenciado
Republika Hrvatska	Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica) Stručni Specijalist Master degree (magistar struke) 300 kredit min magistar inženjer/ magistrica inženjerka (mag. ing). Doktor struke / Doktor umjetnosti	Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica)
România	Diplomă de Licență / Diplomă de inginer / Diplomă de urbanist / Diplomă de Master / Diplomă de Studii Aprofundate / Certificat de atestare (studii academice postuniversitare) / Diplomă de doctor	Diplomă de Licență
Slovenija	Univerzitetna diploma/ Magisterij / Specializacija / Doktorat	Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi
Slovensko	diplom o ukončení vysokoškolského štúdia / bakalár (Bc.) / magister magister/inžinier / ArtD	diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (bakalár)

Suomi/ Finland	Maisterin tutkinto — Magister-examen Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 160 opintoviikkoa — studieveckor) Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen — antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen / Lisensiaatti/Licentiat	Kandidaatin tutkinto - Kandidatexamen / Ammattikorkeakoulututkinto - Yrkeshögskoleexamen (min 120 opintoviikkoa — studieveckor)
Sverige	Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera) / Licentiatexamen / Doktorsexamen Meriter på avancerad nivå: Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng / Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Meriter på forskarnivå: Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng / Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng	Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng) Meriter på grundnivå: Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor)
United Kingdom	Honours Bachelor degree / Master's degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc) / Doctorate	(Honours) Bachelor degree NB: Master's degree in Scotland
	NOTE: UK diplomas awarded in 2020 (until 31 December 2020) are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State.	

IARSCRÍBHINN II

Treoir **tháscach** de cháilíochtaí de **chuid an Aontais Eorpaigh** lenar féidir cur isteach ar chomórtais don Fheidhmghrúpa AST ⁽²⁾ (arna meas ar bhonn cás ar chás

TÍR	Leibhéal iar-bhunoideachais (lena dtugtar rochtain ar oideachas tríú leibhéal)	Leibhéal ardoideachais (leibhéal breisoideachais neamh-ollscolaíochta nó cúrsa gearr ollscoile a mhaireann dhá bhliain ar a laghad)
Belgique – België – Belgien	Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS) / Diploma secundair onderwijs / Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES) / Getuigschrift van hoger secundair onderwijs / Diplôme d'enseignement professionnel / Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs	Candidature - Kandidaat Graduat - Gegradueerde Bachelier (dit «professionnalisant» ou de «type court»)/ Professioneel gerichte Bachelor — 180 ECTS
България	Диплома за средно образование / Свидетелство за зрелост / Диплома / Диплома за завършено средно образование / Диплома за средно специално образование	Специалист по ...
Česká republika	Vysvědčení o maturitní zkoušce	Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.)
Danmark	Bevis for: Studentereksamen Højere Forberedelseksamen (HF) / Højere Handelseksamen (HHX) / Højere Afgangseksamen (HA) / Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX)	Videregående uddannelser = Bevis for = Eksamensbevis som (erhvervsakademiuddannelse AK)
Deutschland	Allgemeine Hochschulreife / Abitur / Fachgebundene Hochschulreife / Fachhochschulreife / Hochschulzugang für beruflich Qualifizierte	
Eesti	Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta	Tunnistus keskhariduse baasil kutsekeskhariduse omandamise kohta
Éire/Ireland	Ardteistiméireacht Grád D3 i 5 ábhar / <i>Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects</i> / Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) / <i>Leaving Certificate Vocational Programme (LCVP)</i>	Teastas Náisiúnta / <i>National Certificate</i> / Céim Bhaitisiléara / <i>Ordinary Bachelor Degree</i> / Diplóma Náisiúnta (ND, Dip.) / <i>National Diploma</i> (ND, Dip.) / Dámhachtain Ardteastas Ardoideachais (120 ECTS) / <i>Higher Certificate</i> (120 ECTS)
Ελλάδα	α) Απολυτήριο Γενικού Λυκείου β) Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου γ) Απολυτήριο Τεχνικού — Επαγγελματικού Λυκείου δ) Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου Απολυτήριο Ενιαίου Λυκείου / Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου / Απολυτήριο Γενικού Λυκείου / Απολυτήριο Επαγγελματικού Λυκείου	Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (IEK)
España	Bachillerato Unificado y Polivalente (BUP) + Curso de Orientación Universitaria (COU) / Bachillerato	Técnico superior / Técnico especialista

⁽²⁾ Déantar daoine a fhostú ar ghrúpa feidhme AST faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de thrí bliana ar a laghad acu.

France	Baccalauréat / Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU) / Brevet de technicien	Diplôme d'études universitaires générales (DEUG) / Brevet de technicien supérieur (BTS) / Diplôme universitaire de technologie (DUT) / Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST)
Italia	Diploma di scuola secondaria superiore (diploma di maturità o esame di Stato conclusivo dei corsi di studio di istruzione secondaria superiore)	Certificato di specializzazione tecnica superiore/attestato di competenza (4 semestri) Diploma di istruzione e formazione tecnica superiore (IFTS) / Diploma di istruzione tecnica superiore (ITS) Diploma universitario (2 anni) Diploma di Scuola diretta a fini speciali (2 anni)
Κύπρος	Απολυτήριο	Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory) / Higher Diploma
Latvija	Atestāts par vispārējo vidējo izglītību Diploms par profesionālo vidējo izglītību	Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību
Lietuva	Brandos atestatas	Aukštojo mokslo diplomas Aukštesniojo mokslo diplomas
Luxembourg	Diplôme de fin d'études secondaires et techniques	Brevet de technicien supérieur (BTS) / Brevet de maîtrise / Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU) / Diplôme universitaire de technologie (DUT)
Magyarország	Gimnáziumi érettségi bizonyítvány / Szakközépiskolai érettségiképesítő bizonyítvány / Érettségi bizonyítvány	Bizonyítvány felsőfokú szakképesítésről
Malta	Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher) / Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including systems of knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5 / 2 A Levels (passes A-E) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent	MCAST diplomas/certificates Higher National Diploma
Nederland	Diploma VWO / Diploma staatsexamen (2 diploma's) / Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs (Diploma staatsexamen VWO) / Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO)	Kandidaatsexamen Associate degree (AD)
Österreich	Matura/Reifeprüfung Reife-und Diplomprüfung Berufsreifeprüfung	Kollegdiplom Akademiediplom
Polska	Świadectwo dojrzałości Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego	Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego Świadectwo ukończenia szkoły policealnej
Portugal	Diploma de Ensino Secundário/ Certificado de Habilitações do Ensino Secundário	
Republika Hrvatska	Svjedodžba o državnoj maturi Svjedodžba o završnom ispitu	Associate degree Graduate specialist Stručni Pristupnik / Pristupnica

România	Diplomă de bacalaureat	Diplomă de absolvire (Colegiu universitar) învățământ preuniversitar
Slovenija	Maturitetno spričevalo (Spričevalo o poklicni maturi) (Spričevalo o zaključnem izpitu)	Diploma višje strokovne šole
Slovensko	vysvedčenie o maturitnej skúške	absolventský diplom
Suomi/ Finland	Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus – Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning (Betyg över avlagd yrkesexamen på andra stadiet) Todistus yhdistelmäopinnoista (Betyg över kombinationsstudier)	Ammatillinen opistoasteen tutkinto — Yrkesexamen på institutnivå
Sverige	Slutbetyg från gymnasieskolan (3-årig gymnasial utbildning)	Högskoleexamen (80 poäng) Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng Yrkehögskoleexamen/Kvalificerad yrkehögskoleexamen, 1– 3 år
United Kingdom	General Certificate of Education Advanced level — 2 passes or equivalent (grades A to E) BTEC National Diploma General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level)	Higher National Diploma/Certificate (BTEC)/SCOTVEC Diploma of Higher Education (DipHE) National Vocational Qualifications (NVQ) and Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4
	NOTE: UK diplomas awarded in 2020 (until 31 December 2020) are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State.	

IARSCRÍBHINN III

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC - GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

A. Iarrataí ar athbhreithniú

Féadfaidh tú a iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí seo a leanas:

- gan cead isteach a fháil sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin;
- gan cuireadh a thabhairt duit chun trialach (scríofa nó cainte),

Ní féidir a iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh gan ainm iarrthóra a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

Ní mór iarrataí ar athbhreithniú a sheoladh trí do chuntas Apply4EP **laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist inar tugadh fógra i dtaobh chinneadh an bhoird roghnúcháin.** Seolfar freagra chuig an duine lena mbaineann a luaithe agus is féidir.

Gabhfaidh cinneadh a ghlacfar tar éis iarraidh ar athbhreithniú ionad an chinnidh bunaidh. Dá bhrí sin, má chinneann iarrthóirí athbhreithniú ar chinneadh ón mbord roghnúcháin a thaisceadh, iarrtar orthu fanacht ar fhreagra an bhoird roghnúcháin sula ndéanfaidh siad, más gá, gearán nó achomharc breithiúnach a thaisceadh in aghaidh an chinnidh ar ábhar agóide dóibh é.

B. Gearáin agus achomhairc bhreithiúnacha

Má mheasann tú gur cúis agóide duit cinneadh ón mbord roghnúcháin nó ón údarás ceapacháin, féadfaidh tú gearán a dhéanamh ag aon chéim den chomórtas/den nós imeachta roghnúcháin de bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾.

Ba cheart an gearán a sheoladh chuig:

An tArd-Rúnaí
Parlaimint na hEorpa
Foirgneamh Adenauer
2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinntí na mbord roghnúcháin i gcomórtas/nósanna imeachta roghnúcháin a leasú nó a neamhniú. Má theastaíonn uait cinneadh a dhéanann bord roghnúcháin a agóid, is féidir achomharc a

⁽¹⁾ Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

thaisceadh go díreach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh fiú amháin mura mbíonn gearán taiscthe cheana féin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Nuair a dhéanann tú agóid in aghaidh cinneadh de chuid an Údaráis Ceapacháin, ní féidir achomharc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh go dtí go mbeidh gearán curtha isteach agat.

Ní mór iarraidh ar achomharc breithiúnach a sheoladh chuig:

Tribunal de l'Union européenne
2925 Lucsamburg
LUCSAMBURG,

bunaithe ar Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Ní fhéadfar achomharc chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ach amháin trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na tréimhsí ama a leagtar síos in Airteagail 90 agus 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a bhfuil feidhm acu maidir leis an dá chineál achomhairc, ón dáta a tugadh fógra den chinneadh bunaidh a bhfuil éifeacht dhíobhálach aige nó, sa chás gur iarraidh ar athbhreithniú atá i gceist, ón dáta a tugadh fógra i dtaobh chinneadh an choiste roghnúcháin tar éis an athbhreithnithe.

C. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh

Féadfaidh iarrthóirí, mar shaoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, gearán a chur faoi bhráid:

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman
67001 STRASBOURG CEDEX
AN FHRAINIC

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir le rialacháin agus coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman⁽²⁾.

Tugtar dá n-aire do na hiarrthóirí nach bhfuil aon éifeacht fhionraitheach ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le hachomhairc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 228(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní fhiosraíonn an tOmbudsman gearáin i gcás ina bhfuil nó ina raibh na fíorais a líomhnaítear faoi réir imeachtaí dlíthiúla.

Ní dhéanfaidh iarraidh ar athbhreithniú, gearán, achomhairc ná gearán chuig an Ombudsman Eorpach aon chur isteach ar obair an bhoird roghnúcháin.

⁽²⁾ IO L 113, 4.5.1994, lch. 15.